


Gníomhaíochtaí Daltaí: Teoirim 3

Déan in éineacht leis an gcomhad idirghníomhach “Teoirim 3” ar CD an Dalta



1. Cad a thugann tú faoi deara faoi líon na gcéimeanna (an tomhas) i gcás na n-uillinneacha LOP agus MPO? _____

Tarraing an pointe H ionas go mbeidh an uillinn LOP cothrom le 100° .

Scríobh síos tomhas na huillinne MPO. MPO = _____

An é an tomhas céanna atá sa dá uillinn LOP agus MPO? _____.

2. Tarraing an pointe H ionas go mbeidh an uillinn MPO = 73° .

Cad é tomhas na huillinne LOP? _____.

An é an tomhas céanna atá sa dá uillinn MPO agus LOP? _____

3. Uillinneacha AILTÉARNACHA is ea na huillinneacha LOP agus MPO. Tarraing an pointe H go dtí suíomhanna éagsúla. An mbíonn na huillinneacha LOP agus MPO cothrom le chéile i gcónaí?

4. Cliceáil Ticbhosca 1 agus feicfidh tú foclaíocht na teoirime.

An línte comhthreomhara iad *a* agus *b*? _____

5. Ainmnigh péire eile uillinneacha ailtéarnacha sa léaráid.

(i) _____ (ii) _____

Scríobh síos tomhas na n-uillinneacha sin (i) _____ (ii) _____

An é an tomhas céanna atá sa dá uillinn sin? _____

6. Cliceáil Ticbhosca 2 agus feicfidh tú coinbhéarta na teoirime.

7. Dá ndéarfaí leat go raibh na mírlínte [KL] agus [MG] comhthreomhar, cad déarfá faoin tomhas sna péirí uillinneacha seo a leanas:

LOP agus MPO _____

KOP agus OPG _____

Tarraing an pointe H ionas go mbeidh an uillinn MPO cothrom le 50° . Scríobh síos tomhas na n-uillinneacha seo a leanas ansin.

(i) LOP _____

(ii) KOP _____

(iii) GPO _____